

Buaiteoir sa Chatagóir Shinsearach

Alannah Ní Eochaidh

Coláiste Pobal Naomh Mhichíl, Cill Mhichíl, Kilmihil, Co. Clare

Teacher – Ruth Morrissey



Mo Laoch Gael- Guth an Domhnach, Glór Dé

Nuair a smaoinítear ar laochra gael tá sé éasca dearmad a dhéanamh ar daoine nach bhfuil ar an bpáirc. I ndáiríre, tá na céadta daoine sa chúlra sa Cumann Lúthchleas Gael, a chuireann leis an eispéireas dúinn i ngach cluiche, seachtain i ndiaidh seachtain agus blian i ndiaidh bhliain.

An duine a dhéanann an CLG dom ná Mícheál Ó Muircheartaigh. Rugadh agus tógadh é i nDún Síon, gar don Daingean, sa bhlian 1930. Clann d’ocht pháistí a bhí ann. Mar go bhfuilim as pobal beag láidir tuigim go raibh tionchar ollmhór ag a chlann agus an pobal ar fhorbairt a pearsantach. Dlúthbhaint a bhíonn idir gach éinne sa phobail agus réitím leis nach bhfuil aon rud níos fearr ná ag fás suas mar pobal, ‘tógtha ag an sráidbhaile’, is é sin an rud is fearr do pháiste, i mo thuairim. Is aoibhinn liom go raibh sé in ann cliú agus cáil a bhaint amach dá fhéin ó cheantar beag Ciarraí. Nuair a labhraíonn sé blaisimid an ghrá dá cheantar ina ghlór. Breathnaím le haoibhneas ar an slí a bhog sé gan a chlann go Choláiste Íosagáin i 1945 ar son a n-oideachas. Ba dhuine socraithe, diongbháilte é ó cúig mbliana déag d’aois agus teaspáineann seo cinnte go bhfuilimid in ann ár saol agus todhcaí a cruthú ó aois óg. Rinne Mícheál a chéad tuairisc chraolta sa bhlian 1949 agus as sin amach, d’athraigh sé tráichtaireacht RTÉ go deo. Níor chuala aon duine a leithéad den chraolú a bhí á dhéanamh aige cheanna. Úr agus nua, bhí an tír i ngrá leis agus a ghuth fonnmar draíochtiúl.

Is cuimhin liom an chéad uair a chuala mé a ghlór cáiliúil. A chluiche deirineach a bhí ann, Corcaigh i ndiaidh an Dún, Cluiche Ceannais na hÉireann 2010. Ní minic go dtiteann daoine i ngrá le guthanna sula bhfeiceann siad an aghaidh fiú, ach sin mar a

tharla domsa. Ní raibh mé ach seacht mbliana d’aois ach bhí mé faoi gheasa, faoi draíocht ag ceol a ghuth. Tá an saghas guth aige a cuireann tú muiníonn inti agus tá an chosúlacht ann go bhfuil ceangailt ag gach duine leis, fiú muna bhfuil riamh aithne agat air. Cuireann sé thú ar suaimhneas, Bob Ross Éireannaigh a bhí i ndáiríre! Is cuimhin liom brón mo Dhaid agus é ag éisteacht leis an cluiche. “Ní bheadh éinne eile cosúil leis riamh, creid uaimse é. Cinnte ní bheidh a leithéad le cloisteáil ríom arís ar an raidió ” a dúirt sé go bogchroích, deor ina shúile aige. “Is é guth an Domhnach do chuille duine é, glór Dé na hÉireann domsa”. Thuig mé díreach ansin an tábhachtach a bhí aige do na mílte. Sliocht d’Éireann a bhí, duine a thug sólás do dhuine a chuaigh ar iomarca thar lear sa cúlú eacnamaíochta, mo Dhaid san áireamh. Ba ghlór muinteartha Éireannaigh é i measc áit ait nua dó. Ba dhuine é a tugadh bród dúinn a bheith Éireannaigh- nuair a chuala mé é ag caint faoin ár dteanga dúchasaigh, las spiorad ionam. Thuig mé ansin go bhfuil orainn bród a bheith againn mar tír d’ár teanga dúchasach. Ar feadh tamaill fhada, rinne daoine iarracht an Ghaeilge a chosc agus ár saoirse chainte a shéanadh orainn ach nuair a chuala mé an grá agus paisean a bhí aige dá n-oidhreacht, bhuail sé liom go raibh orm an teanga a ghlacadh isteach i mo shaol agus táim fíor-bhuíoch as dá bhrí sin.

I rith na mbliana, ba sainiúil cúnamh é inar gcultúr. Bhí sé in ann rud domhanda nó gnáthrud (cosúil le ag déanamh ceapaire) a chruthú go rud corraitheach agus spéisiúla a chuala tú riamh agus beadh tú sna trithí gáire ag féachaint ar cluiche dáiríre, as na scéalta a d’inis sé beo ar aer nó as na rudaí gaste, aibí a dúirt sé faoi na himreoirí. Ba é an scil seo a scar é ó na tráchtairí eile, bhí gach rud faoi gach duine de ghlan mheamhair aige. Bhí grá le fheiceáil as do ghach duine, áit agus imreoir agus sinn a léiríonn dúinn go raibh sé i bhfad níos mó ná tráchttaire. Bhí grá aige dá phost agus do ghach éinne, mar a dúirt é féin, “níl aon duine níos tábhachtaí ná an éisteoir”. Bhí beocht agus fuinneamh ar fáil ina chuid tuairiscí. Ní raibh sé buaratha faoin airgead nó faoin clú agus cáil, bhí sé ann chun leagáid dochreideach an CLG a choiméad beo do dhaoine timpeall an domhain, agus sin mar a rinne.

Níl amhras ar bith agam go bhfuil áit speisialta ag Mícheál Ó Muircheartaigh i gcroíthe na tíre agus níos faide i gcéin. Tuigimid anois an tábhachtach faoi leith a bhaineann le paisean. Agus duine ag cloisteáilleis ag tabhairt an tráchttaire bhí sé díreach cosúil go raibh siad ann ag faire ar an gcluiche, sin an rud is suntasaí a chuir sé i bhfeidhm. Bhí a chuir síos agus a thuiscintar an gcluiche dosháraithe i mo thuairim. Ní raibh aon notaí eagraithe nó ullmhaithe aige roimh ré, bhí sé chomh nuálach ag cruthú samhail agus lena shúil ghéar tháinig na focail go nadúrtha chuige. Ag déanamh imeartas focal faoi Joe Rabbitte ag dul sa tóir ar Pat Fox agus ag caint faoi Lazarus ag imirt peil, ní raibh tráchttaire RTÉ nó TG4 riamh leadránach leis. D’athraigh sé an CLG agus mo mheon ar Ghaeilge go deo agus sin an fáth gurb é mo laoch, é mar Guth an Domhnach, glór Dé.